



Critéir ratha a chomhthógáil

Forbraíodh an acmhainn seo mar chuid de cheardlann FGL 2019 / 2020 na Teicneolaíochta Feidhmí a reáchtáladh le linn na scoilbhliana 2019 / 2020. Is féidir breathnú ar na hábhair uile a úsáideadh le linn na ceardlainne sin i rannán na dTeicneolaíochtaí ar www.jct.ie taobh istigh de thíl na gCeardlann FGL.

Nasc Idirlín:

https://www.jct.ie/leagangaeilge/technologies/cpd_supports_applied_technology_cpd_works_hops_2019_2020_ga

Cuireadh na heispéiris foghlama thíos ar taispeáint mar chuid d'aonad foghlama le linn na ceardlainne seo agus dhírigh siad ar an gcaoi a bhféadfadh múinteoirí critéir ratha a chomhthógáil le scoláirí le haghaidh taighde, dearadh agus fíorú éifeachtach mar fhreagra ar thasc dearaidh.

Cad é atá le fail sa PDF seo?

1. Aonad foghlama samplach

Gheofar leis seo aonad foghlama samplach a d'fhorbair an Fhoireann Teicneolaíocht Fheidhmeach ag úsáid comhthéacs cineálach scoile. Istigh i bplean an aonaid foghlama gheofar na torthaí foghlama agus an phríomhfhoghlaim a ghníomhaítear ach dul i ngleic leis na dúshláin thíos.

2. Gníomhaíochtaí critéir ratha samplacha

Mar chuid den acmhainn seo tá gníomhaíochtaí ar féidir le scoláirí tabhairt fúthu a chuideoidh leo critéir ratha a cheapadh. Is den tábhacht é go mbreacfa síos na torthaí foghlama, an phríomhfhoghlaim agus na briathra gnímh i bplean an aonaid foghlama a thugann comhthéacs do na gníomhaíochtaí ar na bileoga.



Nasc chuig an acmhainn:

Tabhair do d'aire: Moltar go mbreathnófa ar na hábhair cheardlainne FGL agus an acmhainn seo in úsáid agat chun comhthéacs a thabhairt don acmhainn agus tuiscint níos fearr a fhorbairt ar conas a forbraíodh an t-aonad foghlama.

Gníomhaíocht: Critéir Ratha a Ghiniúint

Plé:

Mar fhreagra ar an treoir théamach seo, cad é an chuma a thiocfadh a bheith ar thaighde, treoir agus réadú éifeachtach?

Treoir Dhearaidh an Scoláire:

Dear mionsamhail de réiteach a chabhródh le líon na dtimpistí bóthair i do cheantar a laghdú.



Tasc:

Oibrígí le chéile chun cinneadh a dhéanamh ar na critéir ratha i gcomhair taighde, dearadh agus réadú éifeachtach mar fhreagra ar an treoir dhearaidh seo. Breac síos na critéir chomhaontaithe sa spás thíos

Taighde éifeachtach



Dearadh éifeachtach

Réadú éifeachtach

Gníomhaíocht: Critéir ratha a fheidhmiú

Agus na critéir ratha in úsáid, cé chomh héifeachtach is a bhí cáilíocht na foghlama do gach scoláire?

Freagra Mhicheáil – Tionscadal A

Cáilíocht an taighde:

Cáilíocht an dearaidh:

Freagra Caoimhe – Tionscadal B

Cáilíocht an taighde:

Cáilíocht an dearaidh: